

**Cuntas Leithreasa 2015**

---

**Vóta 5**

**Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**

---

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €164,795 a ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Mé a bheith comhlíonta mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an Chomhaontaithe um Bainistíocht na Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta Seirbhíse Comhroinnte do sholáthar Párolla, Pinsin agus Íocaíochtaí Taistil agus Cothaithe.

Ag brath mé ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí a fheidhmiú i soláthar seirbhísí roinnte chuig an Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ach amháin i gcás ceithre gconradh arbh fhiú €568,151 ar an iomlán iad a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Dhá cheann de na conarthaí, dar luach €67,968, seirbhísí atá i gceist ós rud é nach raibh ach soláthróir. Eile dar luach €26,323, leathnaíodh a bhaineann le soláthar nascachta sonraí níos faide ná an fad tairisceana fógraithe gheall ar mhoill a laghdú ar líon na n-áiteanna ina bhfuil foireann na hOifige bunaithe. An conradh deiridh dar luach €473,860 athnuachan gan comórtas tairisceana ag fanacht chríochnú Oifig Rialtais iomaíocht Soláthar chun Comhaontú Creata bhunú.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oile go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Barry Donoghue**

Oifigeach Cuntasáíochta

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

21 Márta 2016

## Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

#### *Freagracht an Oifigh Chuntasáochta*

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státhiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasáochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasáochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

#### *Freagracht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste*

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspoirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

#### *Scóip an iniúchta*

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasáochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Ofig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

9 Meán Fómhair 2016

## Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí Cuntas Leithreasa 2015

		2015		2014
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
<b>Caiteachas cláir</b>				
A	Soláthar seirbhís ionchúisimh	38,839	38,622	37,675
<b>Olliomlán</b>		<b>38,839</b>	<b>38,622</b>	<b>37,675</b>
<i>Bain de</i>				
B	Leithreasaí-i-gcabhair	1,005	953	973
<b>Glaniomlán</b>		<b>37,834</b>	<b>37,669</b>	<b>36,702</b>

### Farasbarr don ghéilliúint

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Stáitchiste.

	2015	2014
	€	€
Farasbarr le tabhairt suas	164,795	135,853

### Anailís an chaiteachais riaracháin

		2015		2014
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	13,826	12,963	12,648
ii	Taisteal agus cothú	109	91	103
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	991	1,139	1,188
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	250	219	201
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TEC seachtracha	808	422	469
vi	Costais áitreabh oifige	792	983	597
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	37	30	20
		<b>16,813</b>	<b>15,847</b>	<b>15,226</b>

## Nótaí don Chuntas Leithghabhála

### 1 Ráiteas Chostas Oibriúcháin 2015

	2015	2014
	€000	€000
Caiteachas cláir	22,775	22,449
Pá	12,963	12,648
Caiteachas eile	2,884	2,578
<b>Olliomlán</b>	<b>38,622</b>	<b>37,675</b>
<i>Bain de</i>		
<b>Leithghabhálacha-i-gcabhair</b>	<b>953</b>	<b>973</b>
<b>Glaniomlán</b>	<b>37,669</b>	<b>36,702</b>
<b>Athruithe i sócmhainní caipitil</b>		
Ceannacháin in airgead tirim	(75)	
Dímheas	152	
Calliúint ar diúscairtí	6	
	83	51
<b>Athruithe i nglansócmhainní reatha</b>		
Méadú i bhfabhrúithe deiridh	354	166
<b>Caiteachas díreach</b>	<b>38,106</b>	<b>36,919</b>
<b>Caiteachas tabhaíodh in áit eile</b>		
Glancaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	2,509	2,897
Cíosanna barúlacha	457	457
<b>Costas glan clár</b>	<b>41,072</b>	<b>40,273</b>

#### 1.1 Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an caiteachas glan ar Sheirbhísí Gaolta déanta suas de na méideanna seo a leanas á iompar ag Vótaí eile maidir leis Vóta 5.

	2015	2014
	€000	€000
Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais	—	44
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	1,106	1,106
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	1,203	1,545
Vóta 18 Seirbhísí Roinnte	20	10
Vóta 20 Garda Síochána	180	192
	<b>2,509</b>	<b>2,897</b>

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

		2015	2014
	Nóta	€000	€000
<b>Sócmhainní caipitúla</b>	2.2	358	441
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Banc agus airgead tirim	2.3	968	608
Stoic	2.4	61	61
Réamhíocaíochtaí		142	157
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	84	370
<b>Iomlán na sócmhainní reatha</b>		<b>1,255</b>	<b>1,196</b>
<b>Lúide Dlíteanais Reatha</b>			
Glandlíteanas don Stáchtiste	2.7	3	93
Costais fhabhráithe		2,890	2,551
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	1,049	885
<b>Iomlán dlíteanas reatha</b>		<b>3,942</b>	<b>3,529</b>
<b>Glandlíteanais Reatha</b>		<b>(2,687)</b>	<b>(2,333)</b>
<b>Glandlíteanais</b>		<b>(2,329)</b>	<b>(1,892)</b>
<b>Léirithe ag:</b>			
<b>Cuntas maoiniú Stáit</b>	2.1	<b>(2,329)</b>	<b>(1,892)</b>

2.1 Cuntas Maoiniú Stáit	Nóta	2015		2014
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir			(1,892)	(1,675)
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	37,834		
Farasbarr le tabhairt suas	Cuntas	(165)		
Vóta glan			37,669	36,702
Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile	1		2,509	2,897
Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna	1		457	457
Costas glan clár	1		(41,072)	(40,273)
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>			<b>(2,329)</b>	<b>(1,892)</b>

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

	<b>Trealamh oifige innealra eile</b>	<b>Troscán agus feistis</b>	<b>Iomláin</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Ollshócmhainní</b>			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015	3,458	703	4,161
Breiseanna	70	5	75
Diúscairtí	(139)	(21)	(160)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015	<u>3,389</u>	<u>687</u>	<u>4,076</u>
<b>Dímheas Carntha</b>			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2015	3,199	521	3,720
Dímheas don bhliain	102	50	152
Dímheas ar dhiúscairtí	(138)	(16)	(154)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2015	<u>3,163</u>	<u>555</u>	<u>3,718</u>
<b>Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015</b>	<b><u>226</u></b>	<b><u>132</u></b>	<b><u>358</u></b>
<b>Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014</b>	<b><u>259</u></b>	<b><u>182</u></b>	<b><u>441</u></b>

**2.3 Banc agus airgead tirim**

	<b>2015</b>	<b>2014</b>
ag 31 Nollaig	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Iarmhéid PMG	904	536
Oarmhéid an chuntais bainc thráchtála	64	72
	<u>968</u>	<u>608</u>

**2.4 Stoic**

	<b>2015</b>	<b>2014</b>
ag 31 Nollaig	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Stáiseanóireacht	36	40
Tomhaltáin TE	25	21
	<u>61</u>	<u>61</u>

**2.5 Iarmhéideanna dochair eile**

	<b>2015</b>	<b>2014</b>
ag 31 Nollaig	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Iarmhéideanna dochair eile	84	370

<b>2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile</b>	<b>2015</b>	<b>2014</b>
ag 31 Nollaig	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Suim atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	536	433
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	160	119
Cáin Shiarchoinneálach	211	232
Cáin Bhreisluacha	20	14
	<hr/>	<hr/>
	927	798
Aisbhaintí ó thuarastail atá i gcuntais	115	82
Fionraí míreanna creidmheasa fionraí eile	7	5
	<hr/>	<hr/>
	1,049	885

<b>2.7 Glandliteanas don Státchiste</b>	<b>2015</b>	<b>2014</b>
ag 31 Nollaig	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Farrasbar le tabhairt suas	165	136
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh	(162)	(43)
Glandliteanas don Státchiste	<hr/>	<hr/>
	3	93

**Léirithe ag:****Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	968	608
Iarmhéideanna Dochair: fionraí	84	370
	<hr/>	<hr/>
	1,052	978

**Creidiúnaithe**

Dlite don Stát	(927)	(798)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(122)	(87)
	<hr/>	<hr/>
	(1,049)	(885)

	<hr/>	<hr/>
	3	93

**2.8 Ceangaltais**

Bhí tiomantais ag an Oifig i dtaca le táillí dlíthiúla ag deireadh na bliana ach tá sé deacair luach na dtiomantas seo a mheas go cruinn mar gheall ar neamhchinnteachtaí dúchasacha agus stádas na gcásanna amuigh. Ní raibh aon tiomantas eile a bheadh in-fheidhmithe go dlíthiúil ag an Oifig ag 31 Nollaig 2015 (2014: nil).

### 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

	2015		2014
	Suim Soláthraithe sa Mheastachán €000	Toradh €000	Toradh €000
<b>A Soláthar seirbhís ionchúisimh</b>			
A.1 Riarachán - pá	13,826	12,963	12,648
A.2 Riarachán - caiteachas eile	2,987	2,884	2,578
A.3 Táillí d'abhcóidí	13,150	14,022	13,399
A.4 Costais dlí ghinearálta	2,226	2,319	2,648
A.5 Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla	6,650	6,434	6,402
	<b>38,839</b>	<b>38,622</b>	<b>37,675</b>

#### Athruithe suntasacha

San iomlán, bhí caiteachas an chláir €217,000 níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. Seo a leanas éagsúlachtaí suntasacha:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000	Míniú
Riarachán - pá	863	Bhí coigilteas ar an bhfotheideal seo toisc nach raibh na poist a bhí sa bhuiséad do líonadh
Táillí d'abhcóidí	(872)	Is ann don bharrachas ar an bhfotheideal seo go príomha mar gheall ar an gcostas, a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, a bhain le líon beag trialacha an-chostasacha.

### 4 Fáltais

#### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

	2015		2014
	Meastachán €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1. Fáltais ilghnéitheacha	80	140	151
2. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí	925	813	822
<b>Iomlán</b>	<b>1,005</b>	<b>953</b>	<b>973</b>

#### Athruithe suntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000	Míniú
Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí	112	Bhí coigilteas ar an bhfotheideal seo toisc nach raibh na poist a bhí sa bhuiséad do líonadh

#### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha don Stáitchiste

Rinneadh fáltais ar luach iomlán de €246,182 a d'eascair ó fhorghéillte a ordáíodh ag na cúirteanna, rinneadh iad a lóisteáil don Stáitchiste.

### 5 Líon Foirne agus Pá

	2015	2014
Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimsire)	189	181
	2015	2014
	€000	€000
Pá	11,901	11,593
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	148	170
Ragobair	2	3
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	912	882
<b>Pá iomlán</b>	<b>12,963</b>	<b>12,648</b>

#### 5.1 Líontais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2015	2014
			€	€
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	57	5	61,878	30,915
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	8	—	632	910
Líon na ndaoine aonair a fuair luach saothair breise níos mó ná catagóir amháin	1	—	449	3,673

#### 5.2 Socruithe Luach Saothair Eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €166,550 i leith beirt oifigeach a bhí ag freastal taobh amuigh den oifig do 2015 ar fad nó cuid de agus ar íocadh a gcuid tuarastal as Fo-cheannteideal A.1.

## 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais Cúiteamh

	<b>2015</b>				<b>2014</b>
	<b>Líon na Gcásanna</b>	<b>Costais dlí a d'íoc an Oifig</b>	<b>Costais Dlí a Bronnadh</b>	<b>Chúitimh do Moladh</b>	<b>Iomláin</b>
		<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Éilimh ag fostaithe de chuid an Vóta</b>					
Éileamh díobhála pearsanta	—	—	—	—	191
					<u>191</u>